CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

GA

Tuairim 01/2022

(de bhun Airteagal 287(4), CFAE)

i dtaca leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha

Ábhar

	Alt
Réamhrá	01-04
Barúlacha ginearálta	05-09
Tráchtanna sonracha	10-49
Tionchar airgeadais an togra seo ar bhuiséad an Aontais	10-11
Iasachtaí	12
Cómhaoiniú	13-15
Acmhainní dílse breise	16-19
Ranníocaíochtaí	20-27
Ranníocaíochtaí ó lasmuigh den Aontas	20-24
Ranníocaíochtaí – barúlacha eile	25-27
Deonacháin	28-29
Oibleagáidí tuairiscithe	30-32
Smachtbhannaí	33-38
Feachtais reifrinn a mhaoiniú	39-43
Trédhearcacht na fógraíochta polaitiúla	44-47
Freagrachtaí an Údaráis agus Pharlaimint na hEorpa	48
An creat dlíthiúil a shimpliú	49
Iarscríbhinn	
Crostagairtí idir airteagail an togra agus ár dtráchtanna	

TÁ CÚIRT INIÚCHÓIRÍ AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 287(4) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha,

Ag féachaint don iarraidh ón gComhairle ar thuairim, a fuarthas an 21 Eanáir 2022,

Ag féachaint don iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa ar thuairim, a fuarthas an 31 Eanáir 2022,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ní comhlachtaí atá curtha ar bun ag an Aontas de réir bhrí Airteagal 287(1) CFAE iad páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, agus dá réir sin ní thagann siad faoi réir ár n-iniúchóireachta. Sa mhéid go bhfaigheann siad cistiú as buiséad an Aontais, áfach, tá sé d'inniúlacht againn iniúchtaí a dhéanamh bunaithe ar thaifid a scrúdú agus cuairteanna ar an bhfód chuig a n-áitreabh faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 287 CFAE.

(2) Maidir le cistí a fhaigheann páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha as foinsí eile seachas buiséad an Aontais, ní thagann siad sin go huathoibríoch faoi réim ár n-iniúchóireachta. Mar gheall ar an idirghníomhú idir cistiú ón Aontas agus cistiú ó fhoinsí eile, áfach, d'fhéadfadh sé go mbeadh orainn an cistiú ó fhoinsí eile a scrúdú inár ár n-obair iniúchóireachta.

(3) Inár n-iniúchtaí le haghaidh ráiteas dearbhaithe ó 2019 agus 2014, shainaithníomar laigí sna nósanna imeachta soláthair agus in éilimh chaiteachais neamh-incháilithe ag páirtithe polaitiúla Eorpacha.

(4) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014[1] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2017, agus tá sé leasaithe faoi dhó ó shin[2].

---

[1] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2014.

[2] Le Rialachán (AE, Euratom) 2018/673 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Bealtaine 2018 agus Rialachán (AE, Euratom) 2019/2021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Márta 2019.

(5) I gcomhréir leis an gclásal athbhreithnithe sa Rialachán (Airteagal 38), rinne Parlaimint na hEorpa[3] agus an Coimisiún Eorpach[4] tuarascáil ar leithligh dá gcuid féin a thíolacadh maidir le feidhmiú Rialachán Uimh. 1141/2014.

(6) An 25 Samhain 2021, rinne an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha[5] (an togra) a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, a bhfuil sé i gceist go ngabhfaidh an togra sin ionad Rialachán Uimh. 1141/2014.

TAR ÉIS AN TUAIRIM SEO A LEANAS A GHLACADH:

[3] Tuarascáil ó Pharlaimint na hEorpa (A9-0294/2021) an 26 Deireadh Fómhair 2021 ar chur i bhfeidhm Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha (2021/2018(INI)), as ar lean Rún an 11 Samhain 2021.

[4] COM(2021) 717 final an 23.11.2021.

[5] COM(2021) 734 final, 2021/0375 (COD) an 25.11.2021.

Réamhrá

01 Forálann an Conradh[6] do pháirtithe polaitiúla Eorpacha a rannchuidíonn le feasacht pholaitiúil Eorpach a fhoirmiú agus le toil shaoránaigh an Aontais a chur in iúl. I láthair na huaire tá deich bpáirtí pholaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí cleamhnaithe cláraithe[7].

02 Tá an méid iomlán de chistiú AE atá ar fáil do pháirtithe polaitiúla Eorpacha méadaithe in imeacht ama, ó €6.5 milliún ag an tús in 2004[8] go dtí €46 mhilliún in 2021[9]. Mhéadaigh an cistiú a rinneadh a dhámhachtain d'fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ó €5 mhilliún in 2008 go dtí €23 mhilliún in 2021. Forálann an Rialachán reatha do 10 % den bhuiséad bliantúil a dháileadh go comhionann ar na páirtithe incháilithe, cé go bhfuil an 90 % eile le dáileadh go cionmhar de réir an líon Feisirí de Pharlaimint na hEorpa atá cleamhnaithe le páirtí. Déantar an cistiú a dháileadh mar réamh-mhaoiniú.

03 Déantar an méid críochnaitheach den chistiú a shuíomh tar éis d'iniúchóir seachtrach tuarascáil a eisiúint agus i ndiaidh rialuithe ag, faoi seach, an tÚdarás um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus um Fhondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha ("an tÚdarás") agus Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa. Clúdaíonn an caiteachas incháilithe na nithe seo a leanas: cruinnithe, comhdhálacha, pearsanra, staidéir agus costais feachtais le haghaidh na dtoghchán Eorpach. Cláraíonn an tÚdarás na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, agus féadann sé smachtbhannaí a fhorchur.

---

[6] Airteagal 10(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

[7] Foinse: An tÚdarás um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus um Fhondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha.

[8] Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa: Reacht agus cistiú na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha faoi Rialachán Uimh. 1141/2014 (Meastóireacht *ex post*), lch. 29-31.

[9] Buiséad Pharlaimint na hEorpa do 2021, lch. 46.

04 De réir mheabhrán míniúcháin an Choimisiúin[10], tá sé d'aidhm ag an togra:

— inmharthanacht airgeadais na bpáirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a mhéadú;

— a n-idirghníomhú le ballpháirtithe náisiúnta a éascú, ionas gur féidir le páirtithe polaitiúla Eorpach páirt a ghlacadh níos éasca i bhfeachtais náisiúnta ar thopaicí a bhaineann leis an Aontas Eorpach;

— na bealaí éalaithe ó thaobh fhoinsiú agus trédhearcacht an chistithe (go háirithe deonacháin agus cistiú ó lasmuigh den Aontas) atá fós ann a dhúnadh;

— an t-ualach iomarcach riaracháin a ghearradh;

— deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú;

— aghaidh a thabhairt ar thimpeallacht nua atá ag teacht chun cinn ina ndéantar feachtasaíocht pholaitiúil ar líne, ar an riosca go mbeadh cur isteach ón gcoigríoch ann, agus ar shárú rialacha cosanta sonraí i bhfógraíocht pholaitiúil.

[10] COM(2021) 734 final, 2021/0375 (COD) an 25.11.2021, lch. 2.

Barúlacha ginearálta

05 Mar is fíor faoi thuairimí uainn roimhe seo[11], agus rud atá ag teacht lenár sainordú, dírímid isteach ar ghnéithe den tionchar a d'fhéadfaí a imirt ar bhuiséad an Aontais, agus dá thoradh sin ní thugaimid tuairimí ar na codanna sin den togra ar roghanna polaitiúla i mó atá i gceist leo. In ainneoin go ndéanaimid an *caveat* tábhachtach sin, measaimid go bhfuil an togra tríd is tríd ag luí leis na príomhchuspóirí atá luaite ag an gCoimisiún (féach mír ***04***).

06 Is díol sásaimh dúinn na forálacha sin a bhfuil sé mar aidhm leo an trédhearcacht i gcistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a mhéadú, amhail sásra díchill chuí le haghaidh deonachán.

07 Inár dtuairim, tá roinnt easnaimh mar sin féin sa togra i dtaobh saincheisteanna éagsúla, lena n-áirítear:

- iasachtaí (féach mír ***12***);
- cómhaoiniú (féach míreanna ***13***-***15***);
- acmhainní dílse breise (féach míreanna ***16***-***19***);
- ranníocaíochtaí ó bhallpháirtithe agus ó bhalleagraíochtaí ó lasmuigh den Aontas (féach míreanna ***20***-***24***);
- ranníocaíochtaí agus deonacháin eile (féach míreanna ***25***-***29***);
- smachtbhannaí (féach míreanna ***33***-***37***);
- maoiniú a thugann páirtithe polaitiúla Eorpacha d'fheachtais náisiúnta reifrinn (féach míreanna ***39***-***43***); agus
- trédhearcacht na fógraíochta polaitiúla (féach míreanna ***44***-***47***).

[11] Tá dhá thuairim eisithe ag an gCúirt Iniúchóirí a bhaineann le cistiú páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha: Tuairim Uimh. 1/2013 i dtaca le Rialachán Uimh. 1141/2014 agus Tuairim Uimh. 5/2017 i dtaca le Rialachán leasaitheach an 3 Bealtaine 2018.

08 Tugaimid ar aire freisin go bhfuil oibleagáidí breise don Údarás á dtabhairt isteach leis an togra, agus go gcuirfidh sé sin castacht le ról an Údaráis.

09 Sa roinn seo a leanas, déanaimid tráchtanna sonracha i dtaobh an togra. I míreanna ***12***, ***37*** agus ***49***, athdhearbhaímid moltaí a rinneamar roimhe seo nach bhfuil aghaidh tugtha orthu sa togra reatha. San ***Iarscríbhinn***, tá crostagairtí idir na tráchtanna sonracha sin agus na leasuithe atá molta.

Tráchtanna sonracha

Tionchar airgeadais an togra seo ar bhuiséad an Aontais

10 San Iarscríbhinn a ghabhann leis an togra ina bhfuil Ráiteas Airgeadais Reachtach, tugtar faisnéis faoi na himpleachtaí buiséadacha don Údarás mar gheall ar an gcostas a meastar a bheidh ag baint le duine breise a bheith ar an bhfoireann. Tugaimid ar aire go ndearna an tÚdarás meastachán níos airde ina dhréachtphlean buiséadach.

11 Deir meabhrán míniúcháin an Choimisiúin don togra go bhféadfadh sé go mbeadh acmhainní airgeadais breise le soláthar mar gheall ar an ráta cómhaoinithe de pháirtithe polaitiúla Eorpacha a laghdú, agus gur faoin údarás buiséadach a bheidh sé é sin a chinneadh ar bhonn bliantúil. Tugaimid ar aire, dá bhrí sin, go bhfuil na himpleachtaí buiséadacha éiginnte.

Iasachtaí

12 Bhí páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ag fáil iasachtaí ar bhonn méadaitheach chun na ceanglais acmhainní dílse a chomhlíonadh[12]. Cé go bhfuil iasachtaí áirithe clúdaithe sa sainmhíniú ar “dheonacháin” agus ar “ranníocaíochtaí” faoi Airteagail 2(7) agus 2(8), níl aon fhoráil ar leith ann maidir le foinse, téarmaí agus coinníollacha iasachtaí, mar a luamar cheana inár dtuairimí roimhe seo (féach mír ***05***).

Cómhaoiniú

13 In Airteagal 20(4) den togra, foráiltear do laghdú ar an ráta cómhaoinithe le haghaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha óna n-acmhainní dílse ó 10 % mar atá faoi láthair ann go dtí 5 %. Thairis sin, tugann an togra ráta maoinithe nua de 0 % óna n-acmhainní dílse isteach don bhliain ina dtionóltar toghcháin do Pharlaimint na hEorpa. Is é an míniú a thugann an Coimisiún ar na hathruithe molta sin ná go bhfuil deacrachtaí ag páirtithe beaga go háirithe airgead a chruinniú agus go ndéanfadh an fhoráil seo na rialacha a ailíniú leis na rátaí cómhaoinithe d’fhondúireachtaí.

---

[12] Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa: Reacht agus cistiú na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha faoi Rialachán Uimh. 1141/2014 (Meastóireacht *ex post*), lch. 39.

14 Tugaimid ar aire go bhfuil an cómhaoiniú as buiséad an Aontais méadaithe ó 75 % in 2004 go dtí 85 % in 2007 agus go dtí 90 % ó 2018[13]. Ní dhéanaimid aon trácht anseo ar an méadú go dtí 95 % atá molta, mar gur ceist do chinneadh polaitiúil atá ansin. De réir staidéar a d'ullmhaigh an Pharlaimint le déanaí, faightear cóimheá, ar láimh amháin, idir na deacrachtaí atá ag páirtithe polaitiúla Eorpacha ó thaobh cómhaoiniú a fháil agus cobhsaíocht airgeadais níor fearr a bhaint amach agus, ar an láimh eile, an riosca go laghdaíonn páirtithe polaitiúla Eorpacha na naisc dhíreacha, atá caol go maith mar atá siad, leis an tsochaí shibhialta agus leis na Ballstáit[14].

15 Is é ár dtuairim ná nach bhfuil an maoiniú 100 % atá molta do bhliain na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa ag luí le coincheap an chómhaoinithe, a chiallaíonn nach mbeidh acmhainní á gcur ar fáil go hiomlán as buiséad an Aontais. Dá bhrí sin, táimid den tuairim gur cheart go dtiocfadh rannchuidiú íosta as acmhainní dílse na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha faoi fhorálacha reatha an Rialacháin Airgeadais. Sa bhreis air sin, d'fhéadfadh dhá ráta cómhaoinithe in dhá bhliain éagsúla castacht a chruthú i ndáil leis na leithreasuithe neamhúsáidte a thugtar ar aghaidh go dtí an bhliain dar gcionn.

Acmhainní dílse breise

16 I láthair na huaire, tá na foinsí ioncaim atá ag páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, seachas cistí a fhaightear ó bhuiséad an Aontais, teorannaithe do ranníocaíochtaí nó deonacháin. Tá an tríú catagóir d'fhoinsí ioncaim atá nasctha le gníomhaíocht eacnamaíoch an pháirtí nó na fondúireachta féin, a shainmhínítear mar "acmhainní dílse", molta in Airteagail 2(9) agus 23(13). Ní rachaidh na "hacmhainní dílse" sin thar 5 % de bhuiséad bliantúil an pháirtí nó na fondúireachta.

17 Measaimid gur téarma míchruinn é an téarma "acmhainní dílse" mar shainmhíniú ar an ioncam breise a thagann as gníomhaíochtaí eacnamaíocha, agus é sin amháin, mar i gcleachtas gur ann d'acmhainní dílse cheana féin (ioncam ó ranníocaíochtaí agus ó dheonacháin). Molaimid, dá bhrí sin, téarma níos sainiúla a úsáid, lena n-áirítear i dteideal Airteagal 23 den togra.

---

[13] Ibid., lch. 34.

[14] Staidéar arna choimisiúnú ag Parlaimint na hEorpa: Edoardo Bressanelli: "Ionsar athbhreithniú ar an Rialachán maidir le reacht agus cistiú páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha", Márta 2022, lch. 52

18 Sonraítear in Airteagal 3(1)(g) den togra gur coinníoll a ghabhann le páirtí polaitiúil Eorpach é nach saothraíonn an páirtí sin spriocanna brabúis. Tá an baol ann go bhféadfadh sé nach mbeadh gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe comhoiriúnach leis an Airteagal sin. Dá bhrí sin, molaimid go ndéanfar gníomhaíochtaí eacnamaíocha a mheastar a bheith ag comhlíonadh Airteagal 3(1)(g) a liostú.

19 Molaimid forálacha breise a chur isteach ionas go seachnófar an riosca go mbaileofaí na hacmhainní dílse breise sin chun teacht timpeall ar na rialacha is infheidhme maidir le ranníocaíochtaí agus deonacháin, go háirithe iad sin a bhaineann le méideanna uasta agus foinsí na gcistí, atá sonraithe in Airteagal 23 den togra.

Ranníocaíochtaí

Ranníocaíochtaí ó lasmuigh den Aontas

20 Ní ligeann an Rialachán reatha do pháirtithe polaitiúla Eorpacha ranníocaíochtaí a bhailiú ó bhallpháirtithe a bhfuil a suíomh lasmuigh den Aontas Eorpach, faoi mar a mhínítear i mír ***24***.

21 Ligfeadh Airteagail 23(9) agus 23(10) den togra do pháirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ranníocaíochtaí a bhailiú ó bhallpháirtithe agus ó bhalleagraíochtaí atá suite i dtíortha a bhaineann le Comhairle na hEorpa. Ní rachaidh na ranníocaíochtaí sin thar 10 % de na ranníocaíochtaí iomlána ionas go gcuirfear teorainn leis an riosca de chur isteach ón gcoigríoch. Ní rachaidh luach iomlán na ranníocaíochtaí thar 40 % den bhuiséad bliantúil atá ag páirtí nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach. De réir an Choimisiúin, is é cuspóir an togra seo ná feabhas a chur ar an gcomhar le comhaltaí seanbhunaithe a bhfuil luachanna AE acu. I ndiaidh Brexit, shainaithin Parlaimint na hEorpa go raibh gá méadaithe ann le hathbhreithniú a dhéanamh ar na catagóirí éagsúla de bhallraíocht páirtí agus ar bhailiú táillí ballraíochta[15]. Meastar anois gur comhaltaí ó thríú tír iad ballpháirtithe ón Ríocht Aontaithe agus níl cead acu ranníocaíochtaí a sholáthar faoin mbunús dlí reatha.

[15] Tuarascáil ó Pharlaimint na hEorpa (A9-0294/2021) an 26 Deireadh Fómhair 2021 ar chur i bhfeidhm Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha (2021/2018(INI)), pointe 18, as ar lean Rún an 11 Samhain 2021.

22 Le hIarscríbhinn I den togra, chuirfí de cheangal ar pháirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha dearbhú a thíolacadh a rá go ngabhann siad orthu féin a áirithiú go ndéanann a mballpháirtithe nó a mballeagraíochtaí na luachanna shonraítear in Airteagal 2 CAE[16] (ballpháirtithe ó thíortha an Aontais) nó luachanna coibhéiseacha (ballpháirtithe ó thíortha lasmuigh den Aontas) a chomhall. Chomh maith leis sin, bheadh an gealltanas sin ina choinníoll breise don chlárúchán dá bhforáiltear in Airteagal 3(1)(e) agus Airteagal 3(2)(d).

23 Dar linne, níl aon bhearta sa togra chun maolú leormhaith a dhéanamh ar an riosca de chur isteach ón gcoigríoch i bpáirtithe polaitiúla Eorpacha ag ballpháirtithe a dhéanann ranníocaíochtaí agus a bhfuil a suíomh i dtíortha a bhaineann le Comhairle na hEorpa agus lasmuigh den Aontas Eorpach. I gcleachtas, bheadh sé deacair a áirithiú go ndéanfadh na ballpháirtithe sin na luachanna coibhéiseacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I den togra a chomhall, mar go bhfuil an téarma atá in úsáid an-leathan agus nach bhfuil aon sainmhíniú soiléir ann. Tugaimid ar aire freisin nach bhfuil an fhoráil lena gceadaítear ranníocaíochtaí ó lasmuigh den Aontas comhoiriúnach le riail eile a thoirmisceann deonacháin ó eintitis atá bunaithe i dtríú tíortha nó ó dhaoine aonair as tríú tír nach bhfuil i dteideal vóta a chaitheamh sna toghcháin do Pharlaimint na hEorpa (féach Airteagal 23(6) den togra).

24 Tagraíonn an meabhrán míniúcháin sa togra don bhreithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 25 Samhain 2020 i gCás T-107/19[17], lenar deimhníodh nár tháinig páirtí lasmuigh den Aontais faoin sainmhíniú ar “pháirtí polaitiúil” sa Rialachán mar nach “comhlachas saoránach” (den Aontas) a bhí ann agus nach raibh sé “aitheanta i ndlíchóras Ballstáit amháin ar a laghad, nó bunaithe i gcomhréir leis an dlíchóras sin”. Níl aon athrú déanta ar an sainmhíniú ar pháirtí polaitiúil in Airteagal 2(1) den togra. Measaimid, de bhun Chás T-107/19, gur féidir a léirthuiscint fós go bhfuil toirmeasc ar ranníocaíochtaí ó bhallpháirtithe a bhfuil a suíomh i dtír lasmuigh den Aontas.

Ranníocaíochtaí – barúlacha eile

25 Ar mhaithe leis an trédhearcacht, táimid den tuairim i dtaobh faisnéis ar ranníocaíochtaí a fhaightear ó bhaill aonair (daoine fisiciúla) de pháirtí nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach, gur cheart an fhaisnéis sin a fhoilsiú ar an gcaoi chéanna agus a bhíonn ranníocaíochtaí a fhaightear ó bhallpháirtithe nó ó bhalleagraíochtaí foilsithe.

---

[16] Meas ar dhínit an duine, saoirse, daonlathas, comhionannas, an smacht reachta agus meas ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine de ghrúpaí mionlaigh.

[17] Féach Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 25 Samhain 2020 i gCás T-107/19.

Molaimid, dá bhrí sin, tagairt d'Airteagal 23(11) a chur isteach in Airteagal 36(1)(f) den togra, le hurraim chuí do na rialacha maidir le cosaint sonraí.

26 Deir an dara fomhír d'Airteagal 23(11) i dtaobh na huasteorann de €18 000 in aghaidh na bliana agus in aghaidh an chomhalta ar ranníocaíochtaí ó chomhaltaí aonair, nach mbeidh feidhm aici sin sa chás gur comhalta tofa de Pharlaimint na hEorpa, de pharlaimint náisiúnta nó de pharlaimint réigiúnach nó tionól réigiúnach é nó í an comhalta lena mbaineann. Molaimid an dara fomhír d'Airteagal 23(11) a scriosadh ar mhaithe le cóir chomhionann.

27 Táimid den tuairim go bhfuil earráid dréachtaithe sa chéad fhomhír d'Airteagal 23(11), ar cheart di tagairt do mhíreanna 9 agus 10 seachas do mhíreanna 8 agus 9.

Deonacháin

28 Forálann Airteagal 23(5) den togra i gcás na ndeonachán go léir atá os cionn €3 000, go n-iarrfaidh na páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ar na deontóirí an fhaisnéis is gá a thabhairt chun go bhféadfar iad a shainaithint go cuí, agus go ndéanfaidh na páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha an fhaisnéis sin a tharchur chuig an Údarás nuair a iarrann an tÚdarás é sin orthu. Sonraíonn Airteagal 23(8) go bhféadfaidh an tÚdarás faisnéis bhreise a iarraidh chun fíorúcháin a dhéanamh ar na deonacháin má tá cúis aige lena chreidiúint gur deonaíodh deonachán ar bith de shárú ar an Rialachán. De réir Airteagal 23(3), laistigh de shé mhí roimh na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa, déanfar deonacháin agus an caiteachas comhfhreagrach a thuairisciú ar bhonn seachtainiúil. Is díol sásaimh dúinn na forálacha sin a bhfuil sé mar aidhm leo trédhearcacht na ndeonachán a mhéadú.

29 Tugaimid ar aire go sonraíonn Airteagal 23(6) nach nglacfaidh páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha le deonacháin agus ranníocaíochtaí i ndíth ainm. Tá tairseach de €3 000 a shocrú le haghaidh sainaithint deontóirí in Airteagal 23(5) ar neamhréir leis an toirmeasc seo ar dheonacháin agus ranníocaíochtaí i ndíth ainm.

Oibleagáidí tuairiscithe

30 I láthair na huaire, tá oibleagáid tuairiscithe ar pháirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ó thaobh a gcuid ráiteas airgeadais bliantúil, maille leis na nótaí a ghabhann leo, a thíolacadh i gcomhréir leis an dlí is infheidhme sa Bhallstát ina bhfuil a suíomh acu, agus freisin é sin a dhéanamh ar bhonn na gcaighdeán cuntasaíochta

idirnáisiúnta. In Airteagal 26(1)(a) den togra, baintear amach an oibleagáid na ráitis airgeadais a thabhairt ar aird bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta idirnáisiúnta ar mhaithe leis an ualach riaracháin a shimpliú agus costais a laghdú.

31 Tugaimid ar aire go ndéanann páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha faisnéis a sholáthar do Pharlaimint na hEorpa chun go ndéanfadh an Pharlaimint na rialuithe iomchuí, go mbíonn a gcuid cuntas á n-iniúchadh ag iniúchóir seachtrach, agus go soláthraíonn an tÚdarás teimpléid chaighdeánacha dóibh chun an fhaisnéis ar dheonacháin agus ranníocaíochtaí a sholáthar.

32 Aontaímid le hAirteagal 26(1)(a) atá molta, rud a laghdóidh an t-ualach riaracháin, ach tugaimid chun suntais go bhfuil tábhacht fós leis an ngá atá le rialuithe ar mhaithe leis na rioscaí airgeadais do bhuiséad an Aontais a laghdú. Le blianta beaga anuas, thuairiscíomar ar laigí atá sa soláthar poiblí agus ar chaiteachas neamh-incháilithe a bheith á dhearbhú ag páirtithe polaitiúla Eorpacha[18], rud a éilíonn aird níos mó a thabhairt ar an gceist seo agus a thugann orainne a mheas go bhfuil riosca ard ag gabháil le caiteachas den sórt sin.

Smachtbhannaí

33 Sonraíonn Airteagal 30(4)(a) den togra go ndéanfar smachtbhannaí a fhorchur mar “chéatadán seasta” den bhuiséad bliantúil atá ag páirtí nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach i gcás sáruithe neamh-inchainníochtaithe. In Airteagal 30(4)(a), pointí (i) go (iv), den togra, tugtar isteach raon de chéatadáin ach níl aon sainiú breise déanta ar na rialacha is infheidhme. Táimid den tuairim go bhfuil neamhréir idir na coincheapa de chéatadán seasta agus raon de chéatadáin laistigh den Airteagal céanna.

34 Chuirfeadh Airteagal 21(4) de cheangal ar pháirtithe polaitiúla Eorpach a léiriú go bhfuil faisnéis foilsithe “go leanúnach” ag a mballpháirtithe ar a suíomhanna gréasáin maidir leis an ionadaíocht inscne i measc na n-iarrthóirí sna toghcháin dheireanacha do Pharlaimint na hEorpa agus maidir le héabhlóid na hionadaíochta inscne i measc a bhFeisirí de Pharlaimint na hEorpa. In Airteagal 30(2)(a)(ix) den togra, tugtar smachtbhannaí isteach i gcás neamh-chomhlíonadh fhorálacha an airteagail thuasluaite sin. Molaimid sainiú níos fearr a dhéanamh ar an oibleagáid faisnéis ar

[18] Féach mír 9.8 de Thuarascáil bhliantúil CIE do 2019 agus mír 9.11 de Thuarascáil bhliantúil CIE do 2014.

ionadaíocht inscne a fhoilsiú mar nach bhfuil an frása “go leanúnach” soiléir faoi cé chomh minic a chaithfear an fhaisnéis a thabhairt cothrom le dáta.

35 In Airteagal 30(2)(a)(v) den togra, molann an Coimisiún go ligfí ar lár na forálacha atá sa rialachán reatha a ligeann don Údarás smachtbhannaí a fhorchur tar éis míchruinnis sna ráitis airgeadais bliantúla a bheith braite ag na comhlachtaí atá údaraithe chun iniúchóireacht nó seiceálacha a dhéanamh ar thairbhithe cistí ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh. Cé go dtuigimid gur ligeadh na forálacha sin ar lár i bhfianaise gur scriosadh an oibleagáid ráitis airgeadais bhliantúla a fhoilsiú ar bhonn na gcaighdeán cuntasaíochta idirnáisiúnta, measaimid go gcuirfeadh sé sin teorainn leis an tionchar a bheidh ag iniúchtaí. Molaimid, dá brí sin, go gcoinneofaí an fhéidearthacht don Údarás smachtbhannaí a fhorchur tar éis do chomhlachtaí iniúchóireachta míchruinnis a bhrath, lena n-áirítear sa chás go mbaineann siad le ráitis airgeadais bhliantúla a dhéantar a thabhairt ar aird i gcomhréir leis an dlí is infheidhme sa Bhallstát ina bhfuil a suíomh ag páirtithe nó fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha.

36 In Airteagal 30 maidir le smachtbhannaí, mar atá molta, sonraítear dhá chur chuige éagsúla i gcás go mbíonn páirtí nó fondúireacht i gceann de na cásanna eisiaimh dá dtagraítear in Airteagal 136(1) den Rialachán Airgeadais:

- Airteagal 30(1)(a) – déanfaidh an tÚdarás cinneadh páirtí nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach a bhaint den Chlár trí bhíthin smachtbhanna;
- Airteagal 30(2)(a)(v) – i gcás sáruithe neamh-inchainníochtaithe, forchuirfidh an tÚdarás smachtbhannaí airgeadais atá sainithe tuilleadh in Airteagal 30(4)(a)(vi) mar 50 % den bhuiséad bliantúil a bhí ag an bpáirtí nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann don bhliain roimhe sin.

Dar linne, ba cheart don togra a shoiléiriú gur smachtbhannaí carnacha iad sin.

37 Tá na smachtbhannaí le haghaidh sáruithe inchainníochtaithe (amhail suimeanna neamhrialta a fuarthas nó nár tuairiscíodh) fós faoi uasteorainn de 10% den bhuiséad bliantúil atá ag an bpáirtí nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach (Airteagal 30(4)(b) den togra), cé gur mholamar an uasteorainn uasta seo a bhaint amach faoi mar a luamar inár dtuairimí roimhe seo.

38 Faigheann an togra réidh leis an tréimhse 3 mhí idir cinneadh ón Údarás go ndéanfaí páirtí nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach a dhíchlárú agus teacht i bhfeidhm an chinnidh sin. De réir Airteagal 11(5), gabhfaidh éifeacht leis an gcinneadh sin ar an bhfógra sin a thabhairt. Aontaímid go rannchuidíonn an leasú seo le cosaint níos láidre a thabhairt do leasanna airgeadais an Aontais.

Feachtais reifrinn a mhaoiniú

39 Is féidir cistiú do pháirtithe polaitiúla Eorpacha a úsáid chun maoiniú a thabhairt d'fheachtais a sheolann páirtithe polaitiúla Eorpacha i gcomhthéacs na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa ina bhfuil a gcuid comhaltaí páirteach. Ní cheadaíonn na rialacha reatha maoiniú (díreach nó indíreach) a thabhairt do pháirtithe eile, agus go háirithe do pháirtithe polaitiúla náisiúnta agus le haghaidh feachtais reifrinn ag páirtithe polaitiúla Eorpacha. Tugann Airteagal 24(2) den togra isteach an fhéidearthacht feachtais reifrinn a mhaoiniú, má bhaineann siad le "cur chun feidhme Chonarthaí an Aontais".

40 Is gnách le páirtithe polaitiúla náisiúnta a bheith gníomhach i bhfeachtais reifrinn. Is é ár dtuairim, go mbeadh sé deacair dealú a dhéanamh idir maoiniú d'fheachtais reifrinn agus cistiú indíreach do pháirtithe náisiúnta (chun costais a chlúdach a mbeadh ar na páirtithe náisiúnta sin, murach sin, iad a chaitheamh ar na feachtais). Tá toirmeasc fós, le hAirteagal 25 den togra, ar chistiú indíreach do pháirtithe náisiúnta.

41 Sa bhreis air sin, níl an téarma "cur chun feidhme Chonarthaí an Aontais" an-bheacht agus, i gcleachtas, bheadh sé deacair a dhéanamh amach cén feachtas reifrinn ar leith a bheadh incháilithe do chistiú.

42 Is le dlí na mBallstát a rialaítear reifrinn a eagraítear ar an leibhéal náisiúnta. I dtromlach na mBallstát, ní cheadaítear páirtithe náisiúnta nó feachtais pholaitiúla a chistiú ón gcoigríoch[19].

43 Measaimid, dá bhrí sin, mar gheall ar na deacrachtaí a bhaineann le hincháilitheacht an chaiteachais atá molta le hAirteagal 24(2) a rialú, nach mbeadh sé inmhianaithe a chumasú do pháirtithe polaitiúla Eorpacha feachtais reifrinn náisiúnta a mhaoiniú.

---

[19] Ní cheadaítear deonacháin ón gcoigríoch in 22 Bhallstát as 27; Foinse: Staidéar a d'iarr Ard-Stiúrthóireacht an Airgeadais i bParlaimint na hEorpa: Maoiniú do struchtúir pholaitiúla i mBallstáit an Aontais Eorpaigh, Meitheamh 2021, lch. 17-18.

Trédhearcacht na fógraíochta polaitiúla

44 In Airteagal 5 den togra, tugtar isteach oibleagáid ar pháirtithe polaitiúla Eorpacha beartas a leagan síos don úsáid a bhaineann siad as fógraíocht pholaitiúil. Sa bhreis air sin, beidh ar pháirtithe polaitiúla Eorpacha faisnéis i dtaobh gach aon fhógraíocht pholaitiúil a tharchur chuig an Údarás, agus foilseoidh an tÚdarás an fhaisnéis sin ina thaisclann. Beidh ar na Ballstáit údaráis rialála náisiúnta a ainmniú chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíontacht na gceanglas sin agus fógra ina thaobh a thabhairt don Údarás.

45 Is díol sásaimh dúinn an aidhm atá leis an moladh seo, eadhon trédhearcacht a mhéadú i bhfógraíocht pholaitiúil. Measaimid, áfach, nach bhfuil na forálacha atá in Airteagal 5(6) den togra i dtaca le rannpháirtíocht na n-údarás rialála náisiúnta agus a gcomhar leis an Údarás soiléir a dhóthain. Tá an baol ann go mbeidh inniúlachtaí ag teacht trasna ar a chéile, mar shampla i dtaca leis na seiceálacha ar an mbeartas don fhógraíocht pholaitiúil agus i dtaca le faisnéis i dtaobh fógraíocht pholaitiúil a tharchur. Molaimid athbhreithniú a dhéanamh ar na freagrachtaí atá ag gach aon chomhlacht rialaithe lena mbaineann.

46 Cuireann Airteagal 5(1) agus Airteagal 5(5) den togra de cheangal ar pháirtithe polaitiúla Eorpacha na forálacha atá sa Rialachán maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla[20] (atá ar na bacáin agus nach bhfuil glactha fós) a chomhlíonadh, go háirithe nuair a úsáideann páirtithe polaitiúla Eorpacha teicnící spriocdhírithe nó aimpliúcháin lena mbaineann próiseáil sonraí pearsanta nó nuair a fhostaíonn siad seirbhísí fógraíochta.

47 Ní dhéanaimid aon trácht ar mhionsonraí na bhforálacha sin, atá molta i Rialachán eile. Tugaimid ar aire, áfach, gur eisigh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí tuairim[21] ar an Rialachán maidir le spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla inar moladh go gcuirfí cosc iomlán ar mhicrea-spriocdhíriú chun críocha polaitiúla agus go ndéanfaí fógraíocht spriocdhírithe atá bunaithe ar rianú forleatach a thoirmeasc.

---

[20] COM(2021) 731 final an 25.11.2021.

[21] An 20 Eanáir 2022, d'eisigh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí Tuairim Uimh. 2/2022 ar an Togra le haghaidh Rialachán maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla.

Freagrachtaí an Údaráis agus Pharlaimint na hEorpa

48 Tá na hoibleagáidí rialaithe roinnte idir an tÚdarás agus an tOifigeach Údarúcháin i bParlaimint na hEorpa. Ceanglaítear le hAirteagal 32(3) den togra go ndéanfaidh siad tuairimí agus faisnéis a mhalartú go rialta i dtaobh léirmhíniú agus cur chun feidhme an Rialacháin sin. Cé gur díol sásaimh dúinn an rud breise sin, measaimid nach dtugann an togra aghaidh go leordhóthanach ar an mbaol go mbeadh freagrachtaí ag teacht trasna ar a chéile agus go mbeadh bearnaí sna rialuithe:

- Inniúlachtaí teoranta tugtha don Údarás: ní deirtear go sainráite in Airteagal 28(6) gurb é an tÚdarás an comhlacht atá údaraithe chun na seiceálacha agus fíorúcháin ar an bhfód a dhéanamh.

- Deighilt dhoiléir sna freagrachtaí idir an tÚdarás agus Parlaimint na hEorpa: in Airteagal 34(1) den leagan Béarla den togra deirtear sa chás go ndéantar páirtí nó fondúireacht pholaitiúil a dhíchlárú go ndéanfaidh “siad” cistiú ón Aontas a aisghabháil.

- Ní luaitear aon mhinicíocht shonrach le haghaidh rialuithe: Deir Airteagail 7(2) agus 11(1) go ndéanfaidh an tÚdarás a fhíorú go “tráthrialta” go bhfuil na coinníollacha le haghaidh clárú agus na forálacha rialachais fós á gcomhlíonadh ag páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha.

- Dhá chomhlacht a bhfuil freagrachtaí comhchosúla acu maidir le rialuithe: forálann Airteagal 20(1), *inter alia*, go socraíonn an tOifigeach Údarúcháin i bParlaimint na hEorpa na téarmaí agus coinníollacha le haghaidh iarratais ar chistiú a dhéanann páirtithe polaitiúla Eorpacha. Cuireann Airteagail 21(3)-(4) de cheangal ar pháirtithe polaitiúla Eorpacha mionsonraí a bhaineann lena gcláir pholaitiúla agus lena lógónna, chomh maith le hionadaíocht inscne, a chur isteach lena n-iarratas ar chistiú chuig Parlaimint na hEorpa. Tá an ceart ag an Údarás, faoi Airteagal 30(2)(a)(vii) agus (ix), smachtbhannaí a fhorchur má mheasann sé nach ndéantar na ceanglais sin a chomhall.

An creat dlíthiúil a shimpliú

49 Tá forálacha sonracha maidir le cistiú páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha le fáil sa togra agus freisin sa Rialachán Airgeadais[22]. Sa bhreis air sin, tugann an togra forálacha isteach i dtaca le fógraíocht pholaitiúil, a bheidh á rialáil freisin le Rialachán nua maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla[23]. Níl an Rialachán nua sin glactha fós. Athdhearbhaímid arís an tuairim a bhí againn roimhe seo go simpleofaí an creat dlíthiúil dá laghdófaí an líon téacsanna chun forluí féideartha idir rialacha a sheachaint.

Ghlac an Chúirt Iniúchóirí an Tuairim seo i Lucsamburg ar an 7 Aibreán 2022.

Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí

Klaus-Heiner Lehne

An tUachtarán

---

[22] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.

[23] COM(2021) 731 final an 25.11.2021.

Iarscríbhinn

Crostagairtí idir airteagail an togra agus ár dtráchtanna

An t-airteagal sa togra	Trácht sonrach	An mhír i dTuairim CIE
2(1)	Ranníocaíochtaí	*24*
2(7), 2(8)	Iasachtaí	*12*
2(9)	Acmhainní dílse breise	*16*
3(1)(e), 3(2)(d)	Ranníocaíochtaí	*22*
3(1)(g)	Acmhainní dílse breise	*18*
5	Trédhearcacht na fógraíochta polaitiúla	*44*
5(1)	Trédhearcacht na fógraíochta polaitiúla	*46*
5(5)	Trédhearcacht na fógraíochta polaitiúla	*46*
5(6)	Trédhearcacht na fógraíochta polaitiúla	*45*
7(2)	Freagrachtaí an Údaráis agus Pharlaimint na hEorpa	*48*
11(1)	Freagrachtaí an Údaráis agus Pharlaimint na hEorpa	*48*
11(5)	Smachtbhannaí	*38*
20(1)	Freagrachtaí an Údaráis agus Pharlaimint na hEorpa	*48*
20(4)	Cómhaoiniú	*13*
21(3)	Freagrachtaí an Údaráis agus Pharlaimint na hEorpa	*48*
21(4)	Smachtbhannaí / Freagrachtaí an Údaráis agus Pharlaimint na hEorpa	*34*, *48*
23	Acmhainní dílse breise	*17*, *19*
23(3)	Deonacháin	*28*
23(5)	Deonacháin	*28*, *29*
23(6)	Ranníocaíochtaí / Deonacháin	*23*, *29*
23(8)	Deonacháin	*28*

An t-airteagal sa togra	Trácht sonrach	An mhír i dTuairim CIE
23(9), 23(10)	Ranníocaíochtaí	*21*
23(11)	Ranníocaíochtaí	*25*, *26*, *27*
23(13)	Acmhainní dílse breise	*16*
24(2)	Feachtais reifrinn a mhaoiniú	*39*, *43*
25	Feachtais reifrinn a mhaoiniú	*40*
26(1)(a)	Oibleagáidí tuairiscithe	*30*, *32*
28(6)	Freagrachtaí an Údaráis agus Pharlaimint na hEorpa	*48*
30(1)(a), 30(2)(a)(v), 30(4)(a)(vi)	Smachtbhannaí	*36*
30(2)(a)(vi)	Smachtbhannaí	*35*
30(2)(a)(viii)	Freagrachtaí an Údaráis agus Pharlaimint na hEorpa	*48*
30(2)(a)(ix)	Smachtbhannaí / Freagrachtaí an Údaráis agus Pharlaimint na hEorpa	*34*, *48*
30(4)(a)	Smachtbhannaí	*33*
30(4)(b)	Smachtbhannaí	*37*
32(3)	Freagrachtaí an Údaráis agus Pharlaimint na hEorpa	*48*
34(1)	Freagrachtaí an Údaráis agus Pharlaimint na hEorpa	*48*
36(1)(f)	Ranníocaíochtaí	*25*

Foinse: CIE, bunaithe ar an togra agus ar ár dtráchtanna.